

Tuarascáil Bhliantúil 2006

Réamhrá

B'í an bhliain 2006 bliain an deichiú breithlá ag TG4 agus rinneadh ceiliúradh cuí ar an ócáid sin i mbliain ina ndearna an cainéal dul chun cinn suntasach sna príomhréimsí gníomhaíochta ar fad. Méadaíodh an líon agus neartaíodh an caighdeán i gclás na gclár Gaeilge a coimisiúnaíodh, a ceannaíodh agus a craoladh agus bhí bail sheasmhach ar fhigiúirí féachana an chainéil sna haicmí uile féachana.

Tá próifíl an chainéil níos airde agus níos aitheanta ná riamh. Is léir sin ón méadú ar an trácht Gréasáin, ón gclúdach rialta sna meáin, go háirithe le linn tréimhse an bhreithlae, ón sruth forásach ioncaim tráchtála agus ó na duaiseanna agus na gradaim a bhuaigh cláracha agus láithreoirí an chainéil ag féilte sa mbaile agus i gcéin le linn 2006.

D'éirigh leis na hiarrachtaí leanúnacha a bhí ar bun méadú áirithe a fháil ar an maoiniú Stáitchiste don chainéal i 2006 agus chruthaigh tograí ó TG4 go maith freisin agus iad ar thóir tacaíocht mhaoinithe ó na príomhchistí seachtracha léiriúcháin atá ar fáil don earnáil teilifíse in Éirinn, thuaidh agus theas.

Scair náisiúnta fhéachana 3% a bhí ag TG4 i 2006 agus is i neart a bhí cúrsaí féachana ag dul faoi dheireadh na bliana. Faoi mar is iondúil anois le blianta beaga, bhí scair i bhfad níos airde ag an gcainéal faoi Nollaig, 6% ar Lá Nollag 2006, dúbailt ar an meán laethúil. Bhí scair ard sheachtainiúil ag an gcainéal don tréimhse seo freisin, an tseachtain is géire iomaíocht sa mbliain i ngnó na teilifíse. Bhí aimsiú breis is milliún duine sa ló ag TG4 don tseachtain sin agus scair sheachtainiúil 4.4%.

Cláracha

Tá ag éirí go maith leis an múnla agus leis an leagan amach reatha de chlársceideal measctha ar TG4, cur chuige a mheallann lucht féachana sásúil in Éirinn agus thar sáile freisin leis an Líonchraoladh. Coibhneas 61%:39% (Gaeilge/Páistí: Béarla) a bhí sa gclársceideal i 2006.

Breithlá 10

Ba ar chlársceideal speisialta don tréimhse Samhna a díriodh an iarracht ba mhó sa gceiliúradh ar Bhreithlá 10 an chainéil. Craoladh rogha speisialta clár sa gcoicís sin a d'fhéach le súil siar a chaitheamh ar a raibh bainte amach le deich mbliana agus súil mhuiníneach chun tosaigh a thabhairt ar an dara deich mbliana atá romhainn amach.

Ar bhuaiceanna an sceidil sa tréimhse cheiliúrtha, bhí rogha clár 1996-2006, mórdhráma nua Gaeilge don teilifís, an chéad sraith riamh de chluichí idirnáisiúnta i bPeil na mBan, Éire v An Astráil. Craoladh freisin eagrán fada speisialta den sobal *Ros na Rún*, ceann de chrainn taca an chlársceidil ón tús agus ó shin.

Craoladh freisin eagrán speisialta den chlár ceoil traidisiúnta *Geantraí*, ceann eile de bhunchlocha an sceidil ón tús agus d'fhoilsigh Gael Linn dlúthdhiosca speisialta agus leagan DVD de scoth an cheoil ón tsraith.

Ba mhór an onóir do TG4 freisin gur eisigh An Post stampa speisialta cuimhneacháin TG4 mar chomóradh ar Bhreithlá 10 an chainéil, aitheantas suntasach poiblí a léiríonn an meas atá ar an gcainéal ag an bpobal ar fud na tíre.

Duaiseanna agus Gradaim

Bhuaigh TG4 os cionn 30 mórdhuais i rith na bliana ag féilte agus comórtais sa mbaile agus i gcéin, idir chláracha, láithreoirí, mhargaíocht agus an Suíomh Gréasáin.

Ar féilte gradamúla a bhronn duaiseanna ar thograí de chuid TG4 i 2006 bhí An Fhéile Cheilteach Scannán agus Teilifíse (*Cúilín Dualach* – Anamúlacht is Fearr), Oireachtas na Gaeilge (*Caitlín Maude* - Clár Teilifíse is Fearr) mar aon le duaiseanna eile do láithreoir, iriseoir agus aisteoir de chuid an chainéil), Gradam an Damháin Alla Órga (www.tg4.tv – Feidhm Leathanbhanda is Fearr) mar aon le duaiseanna go leor don ghearrdráma *Mac an Athar* ag féilte idirnáisiúnta scannán.

Bronnadh duaiseanna agus gradaim ón Institiúid Chruthaitheach Fhógraíochta agus Dheartha, ICAD, duais Shark agus ainmniúcháin ag duais-scéim Promax sa Vín ar fhógraíocht agus ar thograí aitheantais TG4 freisin, i gcruthúnas ar chruthaitheacht agus ar ardchaighdeán an tsaothair ag TG4 sa réimsí sin.

Maoiniú ó fhoinsí seachtracha

Fágann na hacmhainní teoranta atá ar fáil dó go bhfuil dúshlán suntasach leanúnach ag TG4 ag aimsiú agus ag coimisiúnú sruth ábhair ardchaighdeán tarraingteach teilifíse i nGaeilge. Is dual don chainéal mar sin oiread maoinithe agus is féidir leis a aimsiú ó fhoinsí cuí seachtracha, go háirithe ón dá chiste léiriúcháin in Éirinn a chuireann maoiniú ar fáil do thograí teilifíse.

I 2006, d'éirigh le líon suntasach tograí teilifíse a raibh TG4 ag tacú leo maoiniú a fháil ón *Fuaim agus Fís* de chuid Choimisiún Craolacháin na hÉireann. B'fhiú €9.2m tacaíocht na scéime do thograí le TG4 sna príomh-réimsí clár ar fad. B'é an sraith dhráma nua Gaeilge do dhéagóirí, *Aifric* an ceann ba mhó, sraith 13 clár le buiséad €3m a léiríodh i stiúideo i nGaeltacht Chonamara le linn an tSamhraidh 2006 agus a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana agus ar léirmheastóirí nuair a craoladh ar TG4 é i ndeireadh na bliana.


Ar na tograí suntasacha eile le TG4 a thuill maoiniú ón scéim *Fuaim agus Fís* i 2006, bhí *An Fear Taca* agus *Cré na Cille*, léiriú teilifíse ar shaothar cáiliúil Mháirtín Uí Chadhain, a bhfuil oiread sin suime ag an bpobal ann agus a chraolfar ar TG4 i 2007.

Lean an tacaíocht shuntasach láidir do thograí TG4 ón Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann i 2006. Chuir an Ciste seo maoiniú luach €5.6m ar fáil do thograí TG4 i 2006, ina measc *Deis Roc, Adharca Fada, MPH* agus *Ní Gaeilgeoir Mé*.



De bhrí go bhfuil tréimhse fhada ama i gceist do thograí áirithe ó thús pleanála go deireadh iar-léiriúcháin, is i 2007 a chraolfar roinnt mhaith de na tograí clár ó TG4 a fuair maoiniú ó na cistí seo i 2006.

Féachaint Teilifíse

Cuireadh tús le branda TG4 i mí Mheán Fómhair 1999, athrú mór don chainéal a bhí ag craoladh mar Theilifís na Gaeilge ó 1996. Méadú ar an lucht féachana is mó atá tarlaithe ó rinneadh an athbhrandáil sin. Baineadh scair náisiúnta fhéachana 3.2% amach i 2005, an fhigiúir ab airde riamh agus méadú mór ar an scair a bhí ag an gcainéal i dtús laethanta TnaG. Cé go bhfuil an scair náisiúnta 3% a bhain TG4 amach i 2006 beagán faoina bhun sin, tá sí ceithre huairte go leith níos airde ná scair 1997. Is éacht suntasach an méid seo nuair a mheabhraítear an méadú a tharla san eadarlinn ar fhéachaint ilchainéil agus ar an iomaíocht i margadh na teilifíse in Éirinn. Nuair a thosaigh TnaG faoi Shamhain 1996, b'iad cainéil teilifíse RTÉ amháin a bhí ar fáil i dtrian de theaghlaigh na tíre agus ní raibh éinne in Éirinn ábalta níos mó ná 15 cainéal a ghlacadh. Tá glacadh ar sheirbhísí digiteacha ag beagnach 43% den daonra anois, glacadh ar a laghad 15 cainéal ag beagnach milliún teaghlach agus líon i bhfad níos mó ná sin ag ós cionn a leath.




Tugann an léaráid seo thíos scair náisiúnta na gcainéal teilifíse in Éirinn i 2006.



Is ar na cainéil dhúchasacha Éireannacha atá beagán le cois leath na féachana teilifíse i dteaghlaigh na hÉireann anois. Tá beagnach 30% den fhéachaint teilifíse in Éirinn anois á roinnt eatarra ag na cainéil chábla agus satailíte. Seo thíos ordlathas na gcainéil teilifíse in Éirinn i bhfoirm léaráide

4

Tábhact Náisiúnta



Feicfead tuas go bhfuil géarú na hiomaíochta tar éis dochar a dhéanamh do na cainéil seanbhunaithe trastíre Éireannacha agus Breataineacha agus imithe chun tairbhe do na cainéil bheaga dhigiteacha. Anois, ó tá 80% de theaghlaigh na tíre ábalta seirbhísí digiteacha a ghlacadh (agus an céatadán sin ag méadú in aghaidh an lae), tá an brú seachtrach ar na cainéil Éireannacha ag neartú go mór.

Cé nach bhfuil forlámhas a bhíodh aige roimhe seo ag RTÉ, tá RTÉ 1 ar an gcainéal aonair is láidre in Éirinn gan stró ar bith. Tá RTÉ2 agus TV3 ar an leibhéal tánaisteach agus iad san iomaíocht le chéile don dara háit. Tá BBC1 agus UTV ar an tríú runga agus scair sheachtainiúil ós cionn 5% acu in Éirinn. Sa ceathrú sraith feictear líon beag cainéal atá beagán chun deireadh ar an treas runga ach atá go maith chun tosaigh ar an líon mór cainéal sin atá ag bun. Tá TG4 suite go deas ar an gceathrú céim seo i gcomhlúadar BBC Two, Channel 4 agus Sky One.

Sa bhliain 1999, bhí scair fhéachana 1.1% ag TG4, rud a d'fhág gurbh é an tríú cainéal déag é in ordlathas féachana teilifíse na hÉireann agus é chun deiridh ar na mórchainéil Éireannacha agus Breataineacha eile ach chun deiridh freisin ar Sky One, Sky News, Sky Sports 1, Nickelodeon agus MTV. Don bhliain 2006, bhí TG4 was san ochtú áit, chun tosaigh ar Sky One, Sky News, Sky Sports 1, Nickelodeon agus MTV. Go deimhin, ba mhínic i 2006 go raibh scair sheachtainiúil TG4 chun cinn ar scair BBC2 agus Channel 4, mar shampla seachtain Bhreithlá 10 an chainéil faoi Shamhain 2006.

Bíonn beochlúdach spóirt an-tábhachtach do chlársceideal TG4, go háirithe sa gclúdach ar na cluichí Gaelacha. Bíonn an clár *GAA Beo* sa Fiche Clár is Fearr ag TG4 gach bliain ó 1999 agus is amhlaidh do 2006 mar go raibh 14 clár den teideal sin ar an liosta sin.

Thuill an beochlúdach ar Chluiche Ceannais Shraith Náisiúnta Allianz (Cill Chainnigh v Luimneach) meán-lucht féachana ós cionn 223,000 duine, beagnach duine as gach triúr a bhí ag féachaint ar an teilifís in Éirinn an iarnóin sin, deich n-oiread an mheáin do scair an chainéil.

B'é Cluiche Ceannais na hÉireann i gCraobh Club Peile AIB, Lá 'le Pádraig (Raonaithe Nemo v Naomh Gall) a bhí sa dara háit le lucht féachana ós cionn 200,000. Chuir TG4 lena raon spóirt beochraolta le cúpla bliain anuas agus ní taobh le cluichí Gaelacha agus rásaí capall atá sé feasta mar go bhfuil leithéidí *Sacar Beo (Sraith Eircom)*, *Wimbledon*, *Tour de France*, *Craobh Rothaíochta an Domhain* agus *Snúcar Beo* ar fail freisin agus éileamh orthu ag an lucht féachana. Mar sin bhí an clúdach beospóirt láidir sa sceideal agus thuill cláracha eile ar théama spóirt lucht féachana mór freisin – mar shampla *Micheál O'Hehir*, clár faoin tráchtair cáiliúil spóirt a thuill an lucht féachana ab airde de chláracha Lá Nollag an chainéil. Feicfear freisin go bhfuil *Laochra Gael*, an tsraith ómóis agus chuimhneacháin ar réalta peile agus iomána ar an liosta clár is fearr a thuill lucht féachana i 2006.

Cé gur léir tábhacht spóirt ardchaighdeáin do TG4, ní mhéadódh an cainéal a scair fhéachana dá mbeadh sé ag brath go hiomlán ar aicme amháin cláir. Tá tóir ag an lucht féachana ar raon, ar scóp agus ar éagsúlacht an ábhair sa gclársceideal fré chéile. Tá na scannáin ann freisin, *Western* ha hAoine agus *Scannán na seachtaine* on Tuesdays), mar aon le *Ros na Rún* an sobaldhráma atá sa sceideal ón tús. Tá sraitheanna aitheanta drámaíochta ar nós *The O.C.*, *One Tree Hill*, *Cold Case*, *Without A Trace* agus *Nip/Tuck* ann mar aon le sraitheanna fíorsasacha ar nós *Cogar*, *Na Déithe Cailte* agus *Siar sna 80idí* agus saolchláir ar nós *Paisean Faisean* agus *Hector San Oz*.

D'éirigh go maith arís i 2006 le cláracha ceoil traidisiúnta agus bhí séasúr an-mhaith ag *Geantraí* (den aonú bliain déag as a chéile) agus chruthaigh *Steip* go bhfuil éileamh ar dhamhsa ar an sean-nós. Chuir an tsraith faisnéise *Ceol na bhFánaíthe* diminsean eile leis an gclúdach ceoil agus ba é an clár ceoil ab airde lucht féachana é i 2006. Chruthaigh an tsraith chartlainne *Siar an Bóthar* go maith freisin. Tá lucht leanta líonmhar dílis ag an gceol tire chomh maith agus mheall *Johnny Cash sa Phríosuín* ós scion 100,000 duine Lá Nollag agus chruthaigh *Ceol Tire* go maith go rialta freisin.


Tá ag éirí go maith le TG4 i gceann de na réimsí margaidh is géire iomaíocht ar fad – cláracha do pháistí agus do dhaoine óga. Le linn am craolta *Chúla4* bhí TG4 ar an séú cainéal san ordlathas don aicme fhéachana seo i 2006 agus bhí *Cúla4 na nÓg* sa dara háit san ord iomaíochta do pháistí réamhscoile agus gan ach RTÉ2 chun tosaigh air.

Is é *Cúla4* seirbhís laethúil TG4 do pháistí (a bunaíodh mar *Chúlabúla* i 1997) agus tá sé ar cheann d'éachtaí na seirbhíse. Is gnách anois go mbíonn scair fhéachana *Cúla4* do pháistí níos airde ná meán scair an chainéil fré chéile. Bhí go leor de na sraitheanna i *Cúla4* a raibh oiread sin tóir orthu ag daoine óga i 2005 - *Lizzie McGuire*, *Dora*, *SpongeBob SquarePants*, *Romeo*, *Scooby-Doo*, *Clifford*, agus *Scéalta an Dragúin* - sa liosta de na sraitheanna ba mhó lucht féachana don aos óg i 2006. I 2006 a craoladh an chéad sraith *Aifric* ar *Cúla4*, dráma nualéirithe Gaeilge do dhéagóirí, a chruthaigh go hiontach leis an lucht féachana - an clár i *gCúla4* ab airde lucht féachana sa dá mhí inar craoladh é agus a ghin poiblíocht go leor sna meáin.


I ndeireadh 2005 mhéadaigh agus leathnaigh TG4 a sheirbhís do dhaoine óga le bunú bhloc clár *Síle* sa tráth craolta a leanann *Cúla4* Luan-Aoine. D'éirigh go maith leis láithreach agus mheall lucht féachana nua don chainéal ag tréimhse ina bhfuil dianiomaíocht don lucht féachana seo agus a raibh dúshlán suntasach ag TG4 leis roimhe sin. Ar na cláracha ba mhó éileamh sa mbloc *Síle* i 2006, bhí *The O.C.*, *Pimp My Ride*, *One Tree Hill*, *What I Like About You*, *My Super Sweet 16*, *Instant Beauty Pageant*, *Réalt – Amharc* agus *The Fabulous Life Of*; Sna haoisghrúpaí 15-19, 20-24 agus déagóirí, ba mhinic na cláracha seo ag mealladh scair fhéachana ós cionn 10% agus bhí an scair chomh haird le 25% ó am go chéile. Dá mbeadh a leithéid de scair ag TG4 i ngach aoisghrúpa, bheadh sé ar an gcainéal is airde féachana in Éirinn, fíric a chuireann éacht an bhloc *Síle* i gcomhthéacs agus gan é ach sa dara séasúr.

Suíomh Gréasáin

Leanadh leis an méadú substaintiúil ar úsáid Shuíomh TG4 i rith 2006. Tháinig méadú 63% ar an trácht bhliantúil ar www.tg4.ie i rith na bliana agus bhí breis is 30 milliún buille aige sa tréimhse sin. Fuair an Suíomh aitheantas ar leith i 2006 nuair a bhuaigh sé duais r Rialtais.



Ó bunaíodh é, chruthaigh Líonchraoladh beo TG4 ar leathanbhanda www.tg4.tv go hiontach. Sa gcéad mhí den tseirbhís, féachadh ar 24,000 sruth. Bhí an fhiigiúir mhíosúil do shruthanna méadaithe faoi thrí faoi Shamhain 2006. Forbairt nuálach ab ea an líonchraoladh beo ar leathanbhanda, an chéad togra dá chineál ag cainéal náisiúnta teilifíse in Éirinn. Chuaigh an nuál seo i bhfeidhm ar lucht na hearnála féin freisin, is léir mar gur bronnadh an gradam aitheantais Damhán Alla Órga 2006 ar an togra don Fheidhm Leathanbhanda ab Fhearr.



Torthaí Airgeadais

Ioncam

Leagadh síos buiséad reatha maoinithe €28,415,552 don bhliain bunaithe ar an bplean seo a leanas:

- Deontas i gCabhair €24,632,000
- Réamhfhaisnéis ar ioncam glan tráchtála €3,783,552

Cuireadh méadú €4m ar an maoiniú ón Deontas i gCabhair sna Meastacháin Athbhreithnithe an Rialtais ionas gur €28,632,000 a bhí sa Deontas sin, rud a d'fhág gur buiséad athbhreithnithe €2,415,552 a bhí i gceist don bhliain.

Is ionann sin agus méadú 19.28% ar leibhéal maoinithe 2005.

- Maoiniú iarbhír €2,084,581 a bhí ann don bhliain 2006.

Caiteachas Clár

Caiteachas díreach clár €23,662,270 a tharla i 2006 (príomhsceideal agus sceideal tacaíochta) méadú €4m ar 2005 agus méadú €308k ar an mbuiséad do 2006.

Caiteachas	Buiséad 2006	Iarbhír 2006	Iarbhír 2005	2005 Athraitheas
Cláracha				
Coimisiúnaithe	15,817,667	15,469,833	13,492,191	347,834
Ceannacháin/ Athghuthaithe/ Pacáistithe	6,886,805	7,553,588	5,408,408	-666,783
Costais bhreise Clár	649,375	638,848	694,196	10,527
Costais Iomlána Clár	23,353,847	23,662,269	19,594,795	-308,422

Caiteachas iomlán €21.42m a bhí ar an bpríomhsceideal clár, 75% den mhaoiniú Státchiste, méadú 25% ar chaiteachas 2005.

Tugann an léaráid thíos an caiteachas clár de réir aicme sa bpríomhsceideal i 2006.

Aicme Clár	€m
Cláracha coimisiúnaithe	
Daoine fásta	14.61
Sceideal Páistí/Daoine Óga	.86
Ceannacháin/Athghuthú	
Daoine fásta	.96
Sceideal Páistí/Daoine Óga	4.13
Costais bhreise clár	
Fotheidealú	.22
Ceartha ceoil, comhairleoireacht &rl	.64
Iomlán	21.42

Caiteachas ar an sceideal tacaíochta

Aicme	€m
Spórt	.06
Siamsaíocht	2.10
Nuacht/Cúrsaí Reatha	.08
Iomlán	2.24

Cláracha Coimisiúnaithe

Chruthaigh an caiteachas €15.47m ar choimisiúnú clár 597 d'ábhar. Chuir scéim *Fuaim agus Fís* Choimisiún Craolacháin na hÉireann €9.25m ar fáil le tacú le tograí TG4 i 2006 agus fuair tograí de chuid TG4 maoiniú €5.6m ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann i rith na bliana.

Tugann an léaráid thíos an caiteachas clár agus an líon uaireanta a cruthaíodh de réir aicme le dhá bhliain anuas.

Cláracha coimisiúnaithe de réir aicme:

Aicme	2006		2005	
	€000	Uaireanta	€000	Uaireanta
Ros na Rún	3466	36	3,386	36
Faisnéis	1,394	52	1,549	34
Cogar (faisnéis leathuaire)	530	8	598	11
Spórt	3,828	283	3,233	216
Drámaíocht	2,418	25	1,269	14
Ceol	1,378	63	931	80
Siamsaíocht	1,391	60	1,454	37
Taisteal	267	4	153	5
Stiúideo	438	66	487	64
Eile	359		430	2
Iomlán	15,469	597	13,490	499

Léiriúcháin inmheánacha breise

Sa mbreis air sin, cheannaigh TG4 cearta spóirt (costas san áireamh thuas) agus léirigh go himmheánach 151 uair an chloig de chláracha spóirt Gaeilge i 2006. Thacaigh an soláthar seo, atá sonraithe thíos, leis an gclársceideal Samhraidh.

Ócáid	Uaireanta Craolta
Wimbledon	90
Tour de France	54
Craobh Domhanda Rothaíochta	7
Iomlán	151

Ceannacháin don Phríomhsceideal	Uaireanta Athghuthaithe
Faisnéis (Daoine Fásta)	76
Siamsaíocht (Daoine Fásta)	30
Déagóirí (Síle)	36
Páistí	167

Ioncam ó dhíolachán fógraíochta

Rinneadh díolachán comhlán €4,575,480 i 2006 (glan ar choimisiúin áisíneachtaí).

Spríoc-dhíolachán €4,500,000 a bhí leagtha síos do 2006 agus baineadh amach an spríoc sin agus €75,480 sa mbreis. B'ionann sin agus méadú 5% ar dhíolachán i 2005, ina raibh ioncam €4,347,166.

Ioncam urraíochta

Gineadh ioncam €245,058 ó urraíocht i 2006 agus is ó urraíocht ar an *Aimsir Láithreach* agus *Ros na Rún* a tháinig formhór an ioncaim sin.

Oibríocht

Foireann

Figiúir ionann le 77 post a bhí áirithe mar uimhir foirne lánaimseartha i gcuntais TG4 i 2006, ar chostas €4.49m (pinsin san áireamh). Íocadh dhá ardú tuarastail Páirtíochta Shóisialta, ceann mar chlabhsúr ar chomhaontú *Sustaining Progress* agus an ceann eile mar chéad íocaíocht faoi chomhaontú *I dtreo 2016*. Agus an dá ardú seo a thabhairt san áireamh, mar aon leis an incrimint ar scálaí tuarastail ar 1 Eanáir, bhí meánardú 7% ar thuarastail i gcomparáid le rátaí 2005.

	2006	2005
Líon	77	78
Costais	€4.487m	€4.248m

Margaíocht

Buiséad margaíochta beagán le cois €1.4m a leagadh síos a chuimsigh gach gníomhaíocht – fógraíocht, urraíocht agus caidreamh poiblí – agus beartaíodh formhór an bhuiséid a thiomnú d'fhógraíocht dhíreach. Leanadh leis an straitéis a mhol agus a d'fheidhmigh Publicis QMP, áisíneacht fhógraíochta TG4 a bhfuil mar aidhm aici daoine nua a mhealladh chun féachana ar TG4 agus minicíocht fhéachana an lucht féachana reatha a mhéadú le go mbeidh daoine a bhíodh ag féachaint ar an gcainéal ó am go chéile ag féachaint air go rialta agus mar sin de.

De thoradh cruinnithe idir rannóg na gclár i TG4 agus QMP, aontaíodh plean de na cláracha/sraitheanna/aicmí clár a bhí le cur chun cinn sa bhfeachtas margaíochta bliantúil. Bhí feachtais shonracha ann do dhrámaíocht, spórt, siamsaíocht agus páistí.

Seo a leanas achoimre ar na feachtais fhógraíochta a chuir TG4 i bhfeidhm i 2006.

Drámaíocht: Bunaíodh agus feidhmíodh straitéiseach nuálach faoinár dearnadh sraitheanna Gaeilge agus Béarla a chur chun cinn le chéile. D'éirigh go hiontach leis an dtrí fheachtas éagsúil ina raibh sraith nualéirithe Gaeilge agus sraith cheannaithe de chuid Warner Brothers ar aon á gcur chun cinn san aon fhechtas amháin. Mhéadaigh na figiúirí féachana do gach sraith dá thoradh. Bhain na feachtais seo, a mhair ar feadh 6 seachtainí, leas as na meáin fhógraíochta seo a leanas – teilifís, cló, faoin aer, thimpeallach agus ar line

Spórt: Cuireadh le chéile plan cuimsitheach leathan a chuimsigh formhór na sruthanna spóirt a fheictear ar TG4 le béim ar leith ar *GAA Beo*, príomhchlár spóirt an chainéil. Bhí Peil na mBan, spórt a bhfuil TG4 féin mar urra ar a phríomhchomórtas, san áireamh sa bplan seo. B'í aidhm an phlean ná príomhdhátaí fhéilire spóirt TG4 a dhaingniú in intinn an phobail agus a mheabhrú go raibh *GAA Beo* ag filleadh sa bhFómhar, tar éis sos an tSamhraidh. Chuir gné amháin den fhechtas chun cinn Cluichí Ceannais na hÉireann i gCraobh TG4 i bpeil na mban sa tseachtain roimh imirt na gcluichí sin i bPáirc an Chrócaigh.

Tugadh tacaíocht bholscaireachta ar leibhéal níos ísle do réimsí eile de sholáthar spóirt an chainéil, ina measc Sacar, leadóg agus rothaíocht Fógraíocht nuachtáin sna leathanaigh spóirt is mó a húsáideadh chuige sin ach baineadh leas an teilifíse mar mheán do fhógraíocht do Pheil na mBan.

Hector san Oz: De bhrí go raibh Hector ag fillleadh ar scáileán TG4 tar éis sos dhá bhliain agus chun teacht i dtír ar an gcáil fhorleathan atá air, measadh gur den chríonnacht é feachtas substaintiúil a chur mar thaca leis an tsraith Fómhair seo. Baineadh leas as meascán cruthaitheach d'fhógraíocht os cionn na líne agus faoin líne sa bhfeachtas seo, a dhírigh cuid mhaith ar an tír a bhí i gceist – An Astráil. Baineadh leas as meáin na teilifíse agus an chló. Don ghníomhaíocht faoin líne, feistíodh veain Volkswagen ar stíl na hAstráile agus thug sí féin agus a foireann cuairt ar roinnt campus tríú leibhéal, áit ar dáileadh cárta bolscaireachta ar a raibh grianghraf sínithe ag Hector mar aon le sonraí na sraithe – am craolta &rl. Seoladh an tsraith ag cóisir sráide fheiceálach i mBaile Átha Cliath i láthair Ambasadóir na hAstráile. Chruthaigh an tsraith go maith agus thuill lucht féachana teilifíse suntasach nuair a craoladh í sa tréimhse Meán Fómhair-Nollaig.

TG4 10 mBliana: Bunaíodh agus feidhmíodh feachtas ar leith chun breithlá an chainéil a cheiliúradh sa tseachtain roimh Oíche Shamhna, cothrom díreach an lae. B'iad meáin an chló agus an raidió is mó a húsáideadh. Dhírigh an feachtas cló ar an 10 réimse clár ab fhearr i stair na seirbhíse agus b'fhógra ceiliúrtha a bhí sa gceann raidió. Cuireadh bolscaireacht faoin líne ar bun freisin – bronntanas beag chuig na cliaint ba thábhachtaí (buidéal fíona TG4 agus bosca seacláidí) agus seoladh cáca lá breithe chuig na meáin ar fad, idir chló is chraolta.

Underdogs: Beartaíodh gur mhaith ab fhiú an nasc idir TG4, Peil na mBan agus an fhormáid aitheanta clár seo a dhaingniú le feachtas a tharraingeodh aird ar *Underdogs* Pheil na mBan. Teilifís agus cló is mó a húsáideadh d'fhógra ina bhfeictear fear óg atá chomh díocasach sin le bheith páirteach ar an bpainéal imreoirí go gcuireann sé éadach ban air féin. Baineadh leas as leagan ar líne den fhógra seo leis agus as bolscairí sráide a bhí i gcóngar Pháirc an Chrócaigh ag Craobh na hÉireann i bPeil na mBan. D'éirigh go hiontach leis an bhfeachtas agus leis an tsraith teilifíse agus bhí méadú suntasach ar an lucht féachana.

Urraíocht

Is í an urraíocht ar na Craobhacha i bPeil na mBan an ceann is tábhachtaí i bportfolío TG4. Tá an pháirtíocht seo, a bunaíodh seacht mbliana ó shin ag dul ó neart go neart agus níl a leithéid eile de nasc dúbailte ar fáil in Éirinn idir craoltóir agus eagrais spóirt.

Ar thograí móra eile urraíochta an chainéil, tá *Gradam Ceoil TG4* i réimse an cheoil traidisiúnta, comórtas scannán na scol agus urraíocht aonair ar roinnt imeachtaí scannán, ceoil agus cultúrtha ar fud na tíre, rudaí a chuireann le próifíl agus stádas TG4 ar fud na hÉireann.

Brandáil

Tugadh faoin roinnt tionscamh brandála i rith na bliana mar chuid lárnach den iarracht mhargaíochta. B'iad eisiúint an stampa speisialta comórtha TG4 ag An Post, seoladh na míreanna nua aitheantais d'úsáid laethúil chraolta ar an gcainéal féin agus an próifíl shuntasach a bhí ag TG4 ag imeachtaí Oireachtas na Gaeilge i nDoire na príomhbheartais bhrandála i rith na bliana. Leanadh le brandáil TG4 i bPáirc an Chrócaigh, comhartha follasach ar an bpáirtíochta le CLG.

Caipiteal

Cuireadh €1.32m san iomlán le sócmhainní seasta i 2006. Leanadh le athsholáthar na sócmhainní a scriosadh nó a ndearna an tintreach damáiste dóibh. Fuarthas deontas forlíontach caipitil €90k ón Roinn Cumaráide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha a chuir ar ár gcumas an togra seo a chríochnú.

I mí Bealtaine, fuarthas íocaíocht €78k, fuílleach an éilimh árachais ar bhain a fhormhór le costais reatha. B'fhiú €2.148m san iomlán na deontais chaipitil a fuarthas i rith na bliana. Sa mbreis ar an allúntas caipitil a bhí i Leabhar na Meastachán nuair a foilsíodh ar dtús é fuarthas dhá dheontas forlíontach breise caipitil, ceann €90k atá luaite thuas agus ceann eile €89k mar thacaíocht maoinithe don suite láithreachais a bhí ceannaithe roimhe sin.

B'iad seo a leanas na príomhthograí caipitil i rith an bliana:

Athrú go 16 x 9.

I Meán Fómhair 2006 d'athraigh TG4 ón sean-choibhneas scáileáin 4x3 go dtí an fhormaid 16 x 9, atá i bhfad níos tarraingtí agus á bhuanú anois mar ghnáth-fhormaid an tionscail. Ba ghá athruithe go leor a dhéanamh i réimsí éagsúla oibríochta ar fud an stáisiúin chun an t-athrú formáide seo a fheidhmiú – ó choimisiúnú clár go craoladh.

Landmark.

Chuir an teach díolacháin Post TV tús i mí Márta le beo-fheidhmiú an chórais nua díolacháin fógraíochta seo. B'éigin bogearraí a athrú ón seanchóras. Tá an córas reatha i dtiúin leo sin atá i bhfeidhm ag RTÉ, TV3 agus Sky.

Córas Bainistíochta Cainéil

Le linn an tSamhraidh, d'athraigh TG4 a chóras féin le córas ón gcomhlacht Beilgeac *MediaGenex* ina bhfuil na feidhmeanna ar fad - sceidealú, tarchur agus an leabharlann comhtháite.

Mias Nua Satailíte

Chuir TG4 an dara mias instiúrtha 4.5 méadar i bhfearas, combhionann an chinn atá ó Scientific Atlanta atá i bhfearas cheana féin. Tig le TG4 anois ábhar a thógáil ó dhá shatailít ag an am céanna.

Slabhraí Ceamara

Cuireadh slabhraí nua ceamaraí i bhfearas i Stiúideo 1 i mí Lúnasa 2006 Ceamaraí Grass Valley LDK 100 a cuireadh isteach agus tig leo seo feidhmiú i 16 x 9.

Tograí Gliú

Faoi Shamhain 2006 cuireadh bailchríoch ar an obair dheisiúcháin/athsholáthair ón damáiste a rinne an tintreach. Cuireadh isteach trealamh iomlán nua "gliú". Caitheadh amach an sean trealamh analógach físeáin agus tig feasta monatóireacht i bhfad níos cruinne a dhéanamh sa gCeannáras ar an gcaighdeán pictiúir.

Freastalaí ríomhaireachta do Rannóg na gCuntas

Insealbhaíodh freastalaí nua agus cúltaca sa rannóg seo i mí Samhna. Tá an freastalaí cúltaca lonnaithe sa Seomra Ríomhaireachta sa bPortacabin agus is cuid seo de Phlean Tarrthála Éigeandála TG4. Rinne TG4 uasghrádú freisin ar a fhreastalaí frith-víorais agus frith-thurscair. An comhlacht Gaillimheach Copperfasten a chuireann na seirbhísí seo ar fáil.

Both Fuaim

Tógadh agus feistíodh both nua fuaim agus suite eagarthóireachta sa Portacabin eagarthóireachta i rith na bliana. Baineadh leas as an mboth fuaim mar ionad tráchtairachta do chlúdach TG4 ar an Tour de France i dtús an tSamraidh agus don chlúdach snúcair i mí Lúnasa.

Líonchraoladh

Sheol TG4 a sheirbhís Líonchraolta i 2006 ar www.tg4.tv. Tá rochtain iomlán ar an gcainéal mar seo agus áis fheabhsaithe chartlainne freisin. Chuir TG4 tús freisin le seirbhís shiopadóireachta ar an Suíomh Gréasáin agus seoladh MionShuímh mar thaca leis na sraitheanna *Aifric* agus *Ní Gaeilgeoir Mé*.

Corparáideach

Lean an comhoibriú dlúth idir TG4 agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha - príomh-mhaoineoir na seirbhíse – ar raon leathan ábhar. Chuir cruinnithe rialta agus malartú leanúnach eolais agus tuairimí go mór leis an bpróiseas a raibh mar chríoch leis gur ghlac an Rialtas cinneadh i Lúnasa 2006 dáta a shocrú do bhunú TG4 mar eintiteas neamhspleách reachtúil. Shocraigh an Rialtas gurb é 1 Aibreán 2007 an dáta sin.

I rith 2006, dréachtadh agus cuireadh i bhfearas pleananna feidhmithe agus ullmhúcháin le lánchomhoibriú ón Roinn agus ó RTÉ. Bhí Grúpa Bainistíocht Togra ceaptha ar a bhfuil ionadaíocht ag na Ranna agus ag na heagrais chúil bunaithe agus ag feidhmiú agus tionóladh cruinnithe rialta den Ghrúpa seo i 2006.

Ghlac TG4 lánpháirt sna scátheagrais agus cumann ionadaíochta ón earnáil - Cónaidh Chlosamharc na hÉireann IBEC (a bhfuil ionadaí TG\$ mar Chathaoirleach air faoi láthair), Gradaim Scannáin agus Teilifíse na hÉireann, an Fhéile Cheilteach Scannán agus Teilifíse agus Grúpa na gCraoltóirí Teilifíse in Éirinn. Bhí ionadaithe TG4 i láthair agus ghlac páirt i gcomhdháileanna, seimineáir &rl a d’eagraigh lucht rialála, ollscoileanna, institiúidí agus lucht earnála, ina measc seimineár tábhachtach lae faoi deich mbliana TG4 a tionóladh go tráthúil i mí Samhna, comh-eagraithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ollscoil Chathair Áth Cliath.

Foilsíodh dhá Bhille Craolacháin shuntasacha i 2006, ceann sa bhFómhar agus an ceann eile díreach roimh Nollaig. Ghlac TG4 páirt ghníomhach sa bplé leathan a tharla tar éis foilsiú na mBillí seo agus sa bpróiseas nuálach r chomhairliúcháin a tionscnaíodh don Bille Craolacháin 2006 faoi choimirce an Chomhchoiste Oireachtais. Tar éis foilsiú an Bille sin, dhréachtaigh TG4 freagra cuimsitheach ar an mBille agus ar na forálacha atá sa mBille.

Foilsíodh an Bille Craolacháin (Leasú) i mí Nollag agus tá forálacha ann a bhfuil suim ar leith ag TG4 iontu maidir le bunú gréasán tarchuir trastíre digiteach in Éirinn agus bunú seirbhíse teilifíse a dhéanfaidh freastal ar leith ar imircigh ón tír seo thar sáile.

Tosaíochtaí 2007

Tá bliain dhúshlánach roimh TG4 agus tá an tseirbhís ag tnúth le 1 Aibreán 2007 nuair a bhunófar í mar eintiteas neamhspleách.

Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna agus spriocanna na seirbhíse don bhliain amach romhainn:

- Straitéis a phleanáil, a fhorbairt agus a chostasú chun an clársceideal Gaeilge agus fré chéile a mhéadú agus a neartú.
- Cláracha nua ardchaighdeáin a choimisiúnú
- Maoiniú breise a chinntiú trí chomhoibriú ar chomhthograí le cistí léiriúcháin, go háirithe iad sin a riarann an Coimisiún Craolacháin agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann, maoinoirí agus craoltóirí eile.
- Ar a laghad 70% den maoiniú Stáitchiste a thiomnú do chláracha Gaeilge.
- Scéim fhorbartha teilifíse a aontú agus fheidhmiú i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta agus an earnáil léiriúcháin.
- 200 d'ábhar do pháistí a athghuthú go Gaeilge.
- Aitheantais don chainéil a ullmhú le craoladh
- Comhráití leanúnacha leis an Roinn maidir le maoiniú na seirbhíse agus táillí tarchuir do 2008
- Cabhrú leis an Roinn agus eagrais chuí eile agus an reachtaíocht nua chraolacháin á rith.

- Clár oiliúna foirne a aontú agus a fheidhmiú
- Scair fhéachana an chainéil a mhéadú
- Neamhspleáchas na seirbhíse a fheidhmiú ó 1 Aibreán 2007, faoi mar atá leagtha síos ag an nGrúpa Bainistíochta Togra a cheap an tAire
- Oibriú i ndlúthpháirt le Bord agus Cathaoirleach nua TG4 a cheapfaidh an tAire.
- Tosaíocht a thabhairt d'iompar TG4 ar gach ardán dáilithe digiteach teilifíse i dTuaisceart Éireann.
- An ríomhchóras nua Bainistíochta Cainéil a chríochnú agus an ríomhchórais nua Airgeadais agus Pearsanra a fhorbairt.
- An Clár Caipitil nua a bhainistiú.
- Córas nuálach leictreonach clibeála agus bainistíochta sócmhainní a fhorbairt agus a insealbhú.
- Cur leis an méadú iontach ar thrácht ar Shuíomh Gréasáin TG4 agus an tseirbhís Líonchraolta Leathanbhanda a fhorbairt tuilleadh.
- Forbairtí breise straitéiseacha a dhréachtadh agus a aithint d'fheidhm mhargaíochta agus phoiblíochta TG4.
- Tógáil ar an dlúthcheangal leis na croípháirtithe – An Roinn, RTÉ, an eanáil neamhspleách léiriúcháin, eagrais Ghaeilge, chultúrtha agus spóirt ar fud an oileáin agus an pobal féachana sa mbaile agus i gcéin.
- Cruinnithe rialta foirne a thionól lena chinntiú go bhfuil gach éinne ar an eolas maidir le croíspriocanna agus aidhmeanna na seirbhíse.